# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 2 - 8 Bealtaine 2026**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamon Mulvihill 066-7139145

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 2 Bealtaine ar a 7.30in**
**Intinn:** Sorcha Uí Chonchúir agus a Mac Tadhg, Gallarus C.B. agus Eibhlín Ní Chíobháin, Uinseann agus Aloysius Ó Cíobháin agus Muintir Uí Chonchúir agus Muintir Uí Chíobháin atá ar shlí na fírinne.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 3 Bealtaine ar a 10.00rn**

**Guí an Phobail**
Bríde Buckland, Cloichear, a fuair bás le déanaí.
Anna Marie Ruiséal, Baile Loisce, a fuair bás le déanaí.
Dolores Sheehy, Cinn Mhara, Gaillimh agus Dubháth, a fuair bás le déanaí.

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 10 Bealtaine ar a 11.30rn**
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 10 Bealtaine ar a 10.00rn**
**Intinn:** Seosaimh Feirtéar, Tíorabháin, C.M.

**Bailiúchán speisialta ar mhaithe le hOideachas na Cléire**
Beidh an bailiúchán seo ann an deireadh seachtaine seo chugainn **9/10 Bealtaine.**

**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Déardaoin, 7.00in
**Séipéal na Carraige**
Dé hAoine 7.00in

**An Chéad Chomaoineach**
Beidh An Chéad Chomaoineach do leanaí Scoil Naomh Gobnait, i Séipéal Naomh Gobnait, **Dé Domhnaigh, 10 Bealtaine ar a 11.30rn. Ní bheidh Aifreann ar a 9.00rn an lá seo.**

## Clúdaigh na Cásca agus Ofráil an Earraigh

Is féidir Clúdaigh na Cásca agus clúdaigh do Ofráil an Earraigh a thabhairt thar nais anois. Buíochas le gach uile dhuine a bhíonn chomh fial leis an gciste seo, is do thuarastal na sagart na síntiúis seo. Go gcuití Dia go fial libh.

## Carlo Acutis – Aifreann agus Beannú le Taisí Carlo Acutis



Beidh deabhóidí do Carlo Acutis sa pharóiste uair sa mhí as seo amach. Aifreann i Seipéal Naomh Uinseann**, Déardaoin, 7 Bealtaine ar a 7.00in**. Beidh an Chróin Mhuire agus paidreacha eile ann ar a 6.00in. *Tá scéal scríte ag Dia na Glóire do gach aon duine againn, scéal ar leithrigh, scéal nach n-inseofar go deo arís: ach d'fhág sé cead ár gcinn againn féin deireadh an scéil a scríobh.*

## Díolachán Cístí, Maidin Chaifé agus Crannchur

Beidh Díolachán Cístí, Maidin Chaifé agus Crannchur Ealaíne, ar siúl i nGáirdín Mhuire ar an nDomhnach, 10 Bealtaine idir 11.00rn agus 2.00in ar mhaithe le Féile Cheoil an tSamhraidh. Is féidir na píosaí ealaíne a fheiscint ar www.feilecheoilantsamhraidh.ie. Fáilte roimh cístí agus cabhair.

## Aifreann agus Turas

Beidh Aifreann á cheiliúradh ag Cumann na Sagart i Séipéal Naomh Cárthach, Brosnach, Dé hAoine, 15 Bealtaine ar a 3.00in. Tabharfar turas ar Thobar Bheannaithe Naomh Moling i ndiaidh an Aifrinn. Gach eolas www.dioceseofkerry.ie. Fáilte roimh chách.

**Grúpaí Paidreoireachta**

Tugann an tEaspag Réamonn de Brún cuireadh do Ghrúpaí Paidreoireachta teacht le chéile i Seomraí na Deoise, Tigh an Easpaig, Cill Áirne, ar an Satharn, 9 Bealtaine ar a 10.30rn. Gach eolas agus clárú: Thady O'Connor 087-2626187.

## Mí na Bealtaine – Mí na Maighdine Muire

Tá sé de nós ag daoine altóir a dhéanamh sna tithe agus an Choróin Mhuire a rá in ónóir na Maighdine Muire i rith Mhí na Bealtaine.



*Dathanna molta Muire Máthar,*
*Dhein an nádúr duit a sholathar*
*Fuiseóg foinn bhinn, Binneas cuaiche*
*Laetha gréine, Síolta is luaithe,*
*Bláthanna Bealtaine chugat a Bhanríon,*
*Réalt na bhFhlaitheas, Tú is fonn linn.*

## Machnamh - An Soiscéal (Eoin 14:1-12).

Is cuid de aitheasc Íosa é seo agus é ag fágaint slán ag a dheisceabail roimh filleadh ar a Athair dó chun áit a chur in oiriúint dóibh. Leagann sé béim ar an aontas atá, agus a bheidh, ann idir é féin, an tAthair agus na deisceabail. Beidh siad leis san áit ina a bhfuil sé ag dul. Ag freagairt ceiste ó Thomás deir Íosa gurb é féin an tSlí chun an Athar, an Fhírinne agus an Bheatha. Ionann aithne ar Íosa agus athne ar an Athair. Má tá aithne acu ar Íosa, tá aithne acu ar an Athair. Téama thar a bheith tábhachtach atá anseo. Bunphrionsabal i gcreideamh an tSeantiomna agus an Ghiúdachais ná nach féidir le duine daonna Dia a fheiceáil. Deir Eoin an rud céanna sa bhrollach don Soiscéal seo (Eoin 1:18): "Ní fhaca aon duine riamh Dia. An tAonghin atá i gcochall chroí Dé, eisean a d'aithris". Deireann Íosa na rud céanna sa léacht seo. Ní uaidh féin a labhraíonn sé, ach mar a deir an tAthair leis. Mar sin feictear Dia na glóire in Íosa, ina ghrá do chine daonna agus i mórán slíte eile.

**Scéim Faoiseamh Cánach**

Tá an deoise agus an paróiste seo ag glacadh páirt le roinnt blianta i Scéim Faoiseamh Cánach a ritheann na Comisinéirí Ioncaim. Bheinn buíoch dá bhféadfadh breis daoine páirt a ghlacadh sa scéim. Is féidir é seo a dhéanamh **ach na síntiúis ar fad a chur ins na clúdaigh seachtainiúil agus na clúdaigh do thuarastal na sagart** (Nollaig, Cáisc, Earrach, Fómhar, Aifrinntí na Samhna). Má íochann tú cáin agus má bhíonn €250 nó níos mó tugtha don bparóiste in aon bhliain amháin, bíonn an paróiste ábalta airgead a fháil thar nais ón rialtas, **ní chosnaíonn sé aon airgead breise oraibh**. Fuaireamar breis agus €15,000 thar nais anuraidh. Mar is eol daoibh úsáidtear an t-airgead do chothabháil agus gnáth chostaisí:- aibhléis, árachás, ola, táille na deoise agus irl. Tá litreacha curtha amach go dtí na daoine a thug €250 nó níos mó i 2025. Ní gá siniú anois ach **gach cúigiú** bliain. Má tá aon cheist cuir r-phost go oifig@yahoo.ie nó glaoigh ar 9156131. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a ghlacann páirt sa scéim seo, go gcuití Dia go fial libh as bhur bhflaithiúlacht.

**Ciste an Pharóiste €805.00**

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie